

### An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí


Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí



### Comhroinn (Glean) Geoiméadracht na Nollag

Roimh an Nollaig thug foireann Grafaice JCT4 deis do mhúinteoirí Grafaice a iarraidh ar a gcuid scoláirí Céimseata na Nollag a iniúchadh agus a roinnt. Clíceáil ar an íomhá thíos chun an póstaer a fheiceáil.



Míle buíochas do na múinteoirí Grafaice agus dá gcuid scoláirí a roinn Céimseata na Nollag linn trí ríomhphost agus Twitter. Tá físeán a thaispeánann cuid den obair a roinn na scoláirí ar fáil ach clíceáil ar an íomhá thuas.



D'fhéadfadh sé seo tú féin agus do scoláirí a spreagadh chun céimseata a iniúchadh i gcomhthéacs aon fhéile nó imeachta eile san fhéilire bliantúil ina mbíonn suim ag na scoláirí.

## Fáilte

Fáilte go dtí Nuachtlitir Ghrafaice an Earraigh 2022 le JCT4 agus tá súil againn ar fháil na nuachtlitreach seo go bhfuil tú féin agus do chúram i mbarr na sláinte. Ba mhaith linn bliain shona agus shábháilte a ghuí ar gach múinteoir Grafaice in 2022. San eagrán seo, tabharfaidh muid breac-chuntas ar roinnt den eolas is déanaí ó Nuachtlitir an Fhómhair 2021.

## Measúnú Rangbhunaithe 1

Táimid faoi láthair sa tréimhse shonraithe chun Measúnú Rangbhunaithe 1 (MRB 1) a dhéanamh agus ba mhaith linn aird a tharraingt ar roinnt tacaí a thabharfadh treoir do mhúinteoirí maidir le MRB 1 a phleanáil agus a dhéanamh sa Ghrafaic. Áirítear orthu sin: doiciméad [Breithnithe Tábhachtacha do MRB 1](#), cur i láthair PowerPoint [Iniúchadh ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1](#), [póstaer idirghníomhach](#) agus [físeán tacaíochta](#). Is féidir teacht ar na hacmhainní sin freisin trí chliceáil anseo nó ar an íomhá thíos.

MRB 1: Cumarsáid trí scitseáil

Dearadh an acmhainn seo mar thaca do mhúinteoirí Grafaice agus dá gcuid scoláirí agus iad ag tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid trí scitseáil. Tabhair faoi deara: Moltar go bhfeachfaí ar an acmhainn seo i gcomhar leis na Treoirínte do Mheasúnú Rangbhunaithe don Ghrafaic. Is féidir teacht ar [anseo](#). Féadfaidh múinteoirí dul i ngleic leis an doiciméad Cúinsí Tábhachtacha maidir le MRB 1 sula dtugann siad faoin bhfíseán tacaíochta don MRB.

<p>Cúinsí tábhachtacha do MRB 1</p> <p>Cineál comhaid: PDF</p> <p>Clíceáil chun breathnú nó chun íoslódáil</p>	<p>Póstaer Idirghníomhach - MRB 1</p> <p>Cineál comhaid: PDF</p> <p>Clíceáil chun breathnú nó chun íoslódáil</p>	<p>MRB 1 Físeán Tacaíochta</p> <p>Cineál comhaid: YouTube</p> <p>Clíceáil ar an íomhá chun seinn</p>	<p>MRB 1 Cur i Láthair Tacaíochta</p> <p>Cineál comhaid: PPT</p> <p>Clíceáil chun íoslódáil</p>
--	--	--	---


Tá na príomhdhátaí a bhaineann le MRB 1 leagtha amach ar leathanach a ceathair de na [Socruithe Athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh, cohórt scoláirí 2019 – 2022](#) a d'eisigh an CNCM. Taispeántar na dátaí sa tábla thíos freisin.

Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích	Dé Luain, 1 Samhain 2021 – Dé hAoine, 13 Bealtaine 2022
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Céadaoin, 18 Bealtaine 2022
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé Céadaoin, 25 Bealtaine 2022

Tá sé tábhachtach go mbeadh múinteoirí Grafaice na Sraithe Sóisearaí eolach ar an doiciméad seo de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) [Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe](#).

## Páipéar Samplach

D'fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) an páipéar samplach Grafaice Dé hAoine an 22 Deireadh Fómhair. Is féidir an páipéar samplach a fháil ar shuíomh gréasáin CSS nó trí chliceáil [anseo](#) nó ar an íomhá thall



## Podchraoladh Stiúideo Dearg

Roinneann Nicola agus Gráinne a gcuid léargas ar an tábhacht a bhaineann le líníocht agus sceitseáil sa phróiseas deartha agus cén fáth mar is mó na srianta agus na dúshláin a bhíonn agat san ailtireacht, is amhlaidh is cruthaithí a bhíonn tú



Tá Ailtirí Stiúideo Dearg le feiceáil freisin i ngearrscannán Ealaíon sa tSraith Shóisearach.



Tá [Treoirleabhar múinteoirí](#) an-úsáideach ag gabháil leis an bhfíseán

**ETI(E)M in Imeachtaí ar Líne na Sraithe Sóisearaí**  
Is féidir clárú anois dár n-imeachtaí ETI(E)M in FGL na Sraithe Sóisearaí do 2022! Tá imeachtaí ar líne ETI(E)M sa tSraith Shóisearach bunaithe ar chomhpháirtíocht idir SSM agus aon cheann déag de chomhpháirtithe for-rochtana oideachais ar saineolaithe ina réimse iad. Beidh bainteacht ábhar-shonrach agus traschuraclaim ag an FGL seo agus cabhraíonn sé le múinteoirí foghlaim an tseomra ranga a nascadh le comhthéacsanna sa saol fíor. Cliceáil [anseo](#) nó ar an bpóstaer chun a fháil amach faoi shonraí na n-imeachtaí éagsúla.




@Jct4ed



## Cumarsáid Ghrafach sa Seomra Ranga

I mí Dheireadh Fómhair, chuir foireann Ghrafaice Jct4 Imeacht Foghlama ar Líne (IFL) dar teideal "Cumarsáid Ghrafach sa Seomra Ranga" i láthair. Buíochas leis an stíleoir agus an ceannaitheoir troscáin Emma Murphy as cur leis an ócáid agus leis na múinteoirí a d'fhreastail ar sheisiún beo an tráthnóna. Ba é cumarsáid ghrafach chomhoibríoch fócas an IFL agus fuair múinteoirí deis comhoibriú le chéile ag baint úsáid as ardán dearadh grafach digiteach Canva. Forbraíodh físghabháil scáileáin a thugann deis ar tharla ag an ócáid a fhiosrú chomh maith le póstaer idirghníomhach a ghabhann leis, a cheadaíonn nascleanúint éasca idir na codanna éagsúla den fhíseán. Cliceáil [anseo](#) nó ar íomhá an phóstaeir chun rochtain a fháil ar na hacmhainní seo.



## Grafaic sa Nuacht!

Táimid i gcónaí ag faire amach d'ailt nuachta, físeáin, láithreáin ghréasáin agus acmhainní eile a d'fhéadfadh a bheith suimiúil duit féin agus do do scoláirí. D'fhéadfadh na naisc a bheith mar bhonn ag roinnt gníomhaíochtaí suimiúla bunaithe ar na torthaí foghlama seo a leanas:

- 1.11 léirthuisicint** a bheith aige do chur i bhfeidhm tógálacha geoiméadracha i réimsí eile staidéir
- 2.10 saintréithe earraí agus dromchlaí geoiméadracha a thuisicint**
- 3.1 saintréithe 2T agus 3T in earraí agus déantáin choitianta a aithint**



Céimseata Thart  
Timpeall Orainn



Céimseata agus linn  
sámha: Ag imirt cluiche



Cruthanna Bunúsacha  
laistigh de Réada


## FGL Ghrafaice 2022

Táimid ag tnúth le bualadh leat ag FGL na Grafaice in 2022. Tá an clárú do cheardlanna FGL na Grafaice, a thosóidh tar éis an tsosa lár téarma, ar siúl anois. Seiceáil le do thoil le do bhainistíocht scoile lena chinntiú go bhfuil tú cláraithe le freastal. Tá réamhléiriú gearr físeáin den cheardlann FGL Ghrafaice ar fáil [anseo](#).


Mholfaimis duit clárú lenár [liosta seoltaí](#) chun fanacht cothrom le dáta faoi na himeachtaí go léir. Má tá aon duine de do chomhghleacaithe nach bhfuil cláraithe ar an liosta seoltaí seo, abair leo clárú.




Gerard Duff



Tanya Powell



Ruairí Farrell



John Kilgannon

Le dea-mhéin

Foireann Ghrafaice Jct4



An tSraith Shóisearach de Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
for teachers